Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Aibreán 2019
(OR. en)

7192/1/19
REV 1 ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0390(COD)**

CODEC 627
VISA 55
PREP-BXT 104
COMIX 144

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, a mhéid a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Ráiteas |

**Ráiteas ón Ríocht Aontaithe**

Maidir leis an Ríocht Aontaithe:

– is díol sásaimh di go soláthraíonn an beart seo cinnteacht do náisiúnaigh Bhriotanacha, lena n-áirítear na náisiúnaigh Bhriotánacha i nGiobráltar.

– diúltaíonn sí glacadh leis an gcaoi ar cuireadh an beart seo i láthair ná go dtabharfaí le fios, ar bhealach ar bith, gur coilíneacht é Giobráltar.

– is follas di go bhforáiltear le Bunreacht Ghiobráltar do chaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus Giobráltar atá nua-aimseartha aibí. Is stádas polaitiúil é sin a chinn muintir Ghiobráltar dá ndeoin féin, agus sa mhéid sin, is éard a bhí sa reifreann ar an mbunreacht sin in 2006 feidhmiú an chirt féinchinntiúcháin.

– athdhearbhaíonn sí a cinnteacht maidir lena flaitheas ar Ghiobráltar ina iomláine agus diúltaíonn sí glacadh le haon charachtracht a dhéanfaí ar an ionstraim sin a thabharfadh le fios gur "ábhar conspóide" é "flaitheas Ghiobráltar", mar nach é a seasamh é agus nach bhfuil an seasamh sin i gcomhréir le haon ráitis a rinneadh in aon ionstraim de chuid an Aontais roimhe seo.

– ní aontaíonn sí gur cheart tagairt a dhéanamh do chinntí ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Giobráltar nach bhfuil aon bhaint acu le saincheist thábhachtach an taistil gan víosa, ach a leagann síos fasach nach cúnamh ar bith é maidir le heasaontuithe a thagann faoi raon feidhme na Náisiún Aontaithe a "thabhairt isteach" ar bhealach míchuí.

– go deimhin, ina theannta sin, tugann sí dá haire nach léirítear mar is ceart sa téacs cinntí bliantúla Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, a chomhaontaítear le comhthoil na Ríochta Aontaithe agus na Spáinne, agus a bhfuil cóip den cheann is deireanaí anseo thíos mar eolas*.

– tá sí den tuairim go mba iomchuí úsáid a bhaint as téacs arna oiriúnú ón bprótacal maidir le Giobráltar atá sa dréacht-Chomhaontú um Tharraingt Siar, téacs lenar aontaigh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach araon, lena n-áirítear an Spáinn: "Ní dochar an méid seo do sheasamh dlí Ríocht na Spáinne agus do sheasamh dlí na Ríochta Aontaithe maidir le flaitheas agus dlínse"

– Is oth léi nach raibh raibh an teanntás céanna ag an Spáinn uirthi agus a bhí aicise ar an Spáinn agus í ag iarraidh teacht ar fhoclaíocht is iomchuí.

***

* Cinneadh bliantúil ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2018):

"Maidir leis an gComhthionól Ginearálta, ag meabhrú dó an chinnidh a ghlac sé an 7 Nollaig 2017:

(a) Tathantaíonn sé ar rialtas na Spáinne agus ar rialtas na Ríochta Aontaithe agus Thuaisceart Éireann, ag cur san áireamh leasanna agus mianta mhuintir Ghiobráltar atá dlisteanach faoin dlí idirnáisiúnta, teacht, de réir mheon Dhearbhú na Bruiséile an 27 Samhain 1984, ar réiteach deifnídeach ar cheist Ghiobráltar, i bhfianaise na rún ábhartha ón gComhthionól Ginearálta agus na bprionsabal is infheidhme, agus de réir mheon Chairt na Náisiún Aontaithe.

(b) Tugann sé dá aire gur mian leis an Ríocht Aontaithe leanúint den Fhóram um Idirphlé tríthaobhach;

(c) Tugann sé dá aire an seasamh ón Spáinn nach bhfuil an Fóram um Idirphlé ann a thuilleadh agus gur cheart sásra nua do chomhar ar an leibhéal áitiúil a chur ina ionad ina bhféadfadh muintir Campo de Gibraltar agus muintir Ghiobráltar ionadaíocht a bheith acu;

(d) Is díol sásaimh dó na hiarrachtaí a rinne gach aon taobh chun fadhbanna a réiteach agus dul chun cinn a dhéanamh de mheon muiníne agus dlúthpháirtíochta ionas gur féidir teacht ar réitigh chomhchoiteanna agus tógáil orthu sin i réimsí leasa fhrithpháirtigh chun caidreamh atá bunaithe ar idirphlé agus comhar a chur ar bun."